An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal

# Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge

## - coinníollacha -

Ar mhaithe le cabhrú le muintir na Gaeltachta foghlaimeoirí Gaeilge a choimeád ar iostas ina dtithe cónaithe, áit a mbeidh an deis acu an Ghaeilge atá acu a shealbhú agus a shaibhriú tuilleadh féadfaidh an Roinn deontas a cheadú faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge do theaghlaigh Ghaeltachta a chuireann lóistín oiriúnach ar fáil ar feadh trí mhí ar a laghad sa bhliain.

Ach coinníollacha na scéime a bheith comhlíonta féadfaid an Roinn deontas laethúil €13.00 (2024) a íoc le teaghlach cáilithe faoin scéim i leith gach foghlaimeoir aitheanta a fhanann ar iostas ar chúrsa aitheanta faoi chóras na gcoláistí Gaeilge.

Seo a leanas coinníollacha na scéime:

**AN GHAEILGE**

1. ní foláir d'iarratasóir an Ghaeilge a bheith ar a t(h)oil aici/aige agus ag gach ball den líon tí agus í a bheith mar ghnáth-theanga labhartha an teaghlaigh.

**CÓIRÍOCHT**

Ní foláir na coinníollacha cóiríochta a leanas a bheith comhlíonta:

2. 8.5 méadar ciúbach spáis urláir in aghaidh an scoláire a bheith ar fáil sna seomraí codlata; ní féidir níos lú ná beirt nó níos mó ná seisear a bheith in aon seomra codlata faoi leith
3. nach gcoimeádfaidh sí/sé níos mó foghlaimeoirí san aontráth ná mar a bheidh údaraithe ag an Roinn
4. áit stórála oiriúnach i gcomhair éadaí na scoláirí a bheith ar fáil i ngach seomra
5. leapacha agus tochtanna compordacha a bheith ar fáil do na scoláirí
6. seomra leapa amháin ar a laghad sa teach do mhuintir an tí
7. seomra suí oiriúnach ar fáil don líon iomlán scoláirí atá ceadaithe
8. cithfholcadán agus leithreas ar fáil do gach 10 sa teach– muintir an tí san áireamh
9. báisíní lámha ar fáil do gach 6 sa teach – muintir an tí san áireamh

**GINEARÁLTA**

10. Ní foláir fear nó bean an tí a bheith i láthair sa teach le linn do na foghlaimeoirí a bheith ann. Mura bhfuil, caithfidh cúntóir atá ós cionn 18 bliain d'aois a bheith ainmnithe agus a bheith i láthair sa teach le linn do na foghlaimeoirí a bheith ann.

11. Ní ionann aitheantas na scéime a bheith ceadaithe agus an Roinn a bheigh ag glacadh freagrachta ar bith uirthi féin i dtaobh na bhfoghlaimeoirí agus ní bheidh an Roinn faoi dhliteanas mar gheall ar aon chailliúint nó damáiste a tharlóidh aon uair ina leith.

12. nach mbeidh aici/aige ach cuairteoirí le Gaeilge fad a bheidh foghlaimeoirí ar iostas aici/aige agus gurb í an Ghaeilge a labhróidh sí/sé féin agus a líon tí leo agus go gcoimeádfaidh sí/sé leabhar cuairteoirí ina dtabharfar na sonraí cuí i leith gach cuairteora a bheidh aici/aige;

## GRINNFHIOSRÚCHÁIN AN GHARDA SÍOCHÁNA

13. Caithfidh gach duine den teaghlach atá os cionn 16 bliain d'aois agus aon duine eile taobh amuigh den teaghlach atá ar iostas sa teach a bheith glanta trí chóras ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána de réir An tAcht Um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016. Is é an scátheagraíocht CONCOS atá freagrach as an bpróiseas seo a riar thar ceann na Roinne https://www.colaistigaeilge.ie/

## COSAINT LEANAÍ

14. Caithfear Ráiteas um Chosaint Leanaí a bheith in áit de réir fhorálacha ábhartha CHUID 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 (Uimh. 36 de 2015). Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar:

https://www.tusla.ie/uploads/content/4214TUSLA_Guidance_on_Developing_a_CSS_IRISH_LR.PDF

https://www.tusla.ie/uploads/content/20171002ChildrenFirst2017Gaeilge.pdf

## CÚRSAÍ DÓITEÁIN

15. Cuireann alt 18(2) den Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981 freagracht faoi shábháilteacht dóiteáin ar an duine atá i gceannas ar theach ina gcuirtear cóiríocht chodlata ar fáil d'aíonna, gach is gá go réasúnta a dhéanamh chun:-
    - féachaint chuige nach dtosóidh dóiteán; agus
    - féachaint chuig sábháilteacht daoine atá sa teach má thosaíonn dóiteán.

16. Cuireann alt 18(3) den Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981 https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/bill/1981/14/eng/ver_c/bills1981w-05.pdf freagracht ar gach duine in áitreabh ina gcuirtear cóiríocht chodlata ar fáil d'aíonna iad féin a iompar ar bhealach nach gcuirfear aon duine san áitreabh i mbaol ó dhóiteán.

## SLÁINTE AGUS SLÁINTEACHAS

17. Is faoi bhean/fhear an tí atá sé cúram a dhéanamh dá c(h)uid dualgas mar a bhaineann sé leis an Acht Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus a bheith airdeallach dá réir ar úsáid alcóil agus substaintí mídhleathacha mar a bhaineann sé le leo siúd a bhíonn ar iostas.
https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/act/2002/6/eng/enacted/a602.pdf

18. Is faoi bhean/fhear an tí a bheidh sé dea-chleachtais sláinteachais agus glaineachta a chur i

bhfeidhm de réir mar a oireann mar a bhaineann sé leo siúd a bhíonn ar iostas.

## DEONTAS NA SCÉIME

19. Ní thuigthe an deontas a thabhairt faoin Scéim seo go nglacann an Roinn freagracht ar bith uirthi féin i dtaobh na bhfoghlaimeoirí ná i dtaobh na dtithe a bheidh i gceist agus ní bheidh an Roinn faoi dhliteanas mar gheall ar aon chailliúint nó damáiste a tharlóidh aon uair ina leith.

    Is gá na coinníollacha ar fad a bheith comhlíonta le gur féidir leis an Roinn aitheantas a bhronnadh ar aon teach. Is gá chomh maith céanna go ndéanfaidh teaghlach a cheadaítear faoin scéim cúram cuí de na coinníollacha i gcaitheamh an ama. I gcás nach ndéantar amhlaidh coinníonn an Roinn an ceart aitheantas faoin scéim a bhaint nó pé pionós eile a cheaptar a bheith oiriúnach a chur i bhfeidhm – lena n-airítear deontas/nó cuid de a choinneáil siar nó an líon scoláirí a laghdú go buan nó go sealadach – ag brath ar an gcás. I gcás go ndéantar amhlaidh, ní bheidh an Roinn freagrach as aon chaillteanas a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

20. Ach an Roinn a bheith sásta le hiarratas faoin Scéim seo, féadfar deontas a cheadú don iarratasóir nach rachaidh thar **€91.00** in aghaidh gach seachtain (**€13.00** in aghaidh gach oíche) a chaithfidh gach foghlaimeoir aitheanta ar iostas léi/leis ina t(h)each cónaithe.

    Déantar gach iarracht éilimh ar íocaíocht na scéime a phróiseáil go pras; ar mhaithe leis an bpróiseáil sin a éascú; is den riachtanas é go gcuirtear ar fáil pé eolas a iarrtar i bhfoirmeacha na Roinne

    Le gach éileamh íocaíochta a dhéantar le do theaghlach beidh dearbhú le síniú ag an **iarratasóir**, i.e., an té go bhfuil aitheantas tugtha dó/di.

## ACHOMHARC

Is ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a bheidh an bhreith dheireanach maidir le gach ní a bhaineann leis an scéim. I gcás nach bhfuiltear sásta le pé breithiúnas a dhéantar maidir le riar na scéime is féidir achomharc a lorg tríd teagmháil a dhéanamh leis an seoladh a leanas:

### TUILLEADH EOLAIS AGUS FIOSRUITHE

**Rannóg na gColáistí Gaeilge**
**An Roinn Turasóireachta Cultúir, Ealaíon Gaeltachta agus Meán**
**Na Forbacha**
**Co na Gaillimhe**
**H91 KX39**

☎ 091 503700
✉ teaghlaighsfg@tcagsm.gov.ie